

Miontuairiscí ó Chruinniú Boird Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Déardaoin an 25 Aibreán ag 11.00am

Cruinniú hibrídeach: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322 agus físchomhdháil (VC)

An Bord	I láthair: - an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Leas-Chathaoirleach (VC) - an Dr Marie Bourke - John Grenham - Lisa Grimm - Lorelei Harris (VC) - Elizabeth M. Kirwan (1-12) - an tOllamh Kalpana Shankar - Caitriona Sharkey (VC) Leithscéalta: - Eoin McVey, Cathaoirleach
Baill Foirne	I láthair: - an Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir (1-12) - Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (1-12) - Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach (7-8.2) - Liz Coffey, Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha (9.1) - Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca (10 ina iomláine) - Brian O'Donnell, Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí na nEastát (10.1.3)
Soláthraí seirbhíse	I láthair: - Rupert Johnston, Stiúrthóir Riosca agus Athléimneachta (10.1.2)
Tabhair faoi deara: Tá trí fholúntas ar an mBord. Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuirtear in iúl in (1-12) thuas, mar shampla, nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh siad i láthair le haghaidh mír(eanna) áirithe de na miontuairiscí.	

1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Chuir an Leas-Chathaoirleach in iúl don Bhord leithscéalta an Chathaoirligh nach raibh sé in ann freastal ar an gcrúinniú mar gheall ar imthosca eisceachtúla. Dhearbhaigh an Leas-Chathaoirleach go raibh an cruinniú le córam. Mar fhreagra ar iarratas an Leas-Chathaoirligh, dhearbhaigh comhaltaí an Bhoird nach raibh aon choinbhleacht leasa acu agus ghlac siad le clár oibre an chruinnithe.

Bhí an cruinniú Boird le córam. Ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le dearbhú ag an mBord agus ghlac na comhaltaí leis an gclár oibre.

Tabhair faoi deara: Scaipeadh na páipéir Bhoird uile roimh an gcrúinniú Boird, gan Mír 7 ar an gclár oibre a áireamh: rinneadh cur i láthair ag an gcrúinniú agus scaipeadh cóip don chur i láthair tar éis an chruinnithe. Scaipeadh na páipéir Boird le haghaidh míreanna 3 agus 5.1 ar chlár oibre an 24 Aibreán 2024. Glactar leis gur léadh na páipéir uile.

2. Dréacht-mhiontuairiscí chruinniú Boird an 29 Feabhra 2024 agus a bhfoilsíú

D'fhormheas an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ó chruinniú Boird an 29 Feabhra 2024 faoi réir mionleasú a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an moladh ó Rúnaí an Bhoird (Mír 4 'comharthaíocht dhigiteach' a chur in ionad 'stóras digiteach'). D'fhormheas an Bord foilsíú na miontuairiscí formheasta le téacs folaithe iontu mar a aibhsíodh.

3. Nithe ag éirí astu

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an tábla gníomhaíochta 'Nithe ag éirí astu' a nuashonraíodh mar ullmhúchán don chruinniú Boird. Ardaíodh na gníomhartha seo a leanas ag an gcrúinniú:

- Gníomh 4, Uimh. 5 Sráid Chill Dara: Tá Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) an-ghníomhach le hoibreacha ar Amharclann Joly. Leanfaidh Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát ar aghaidh ag tarraingt aird ar iarratas an Bhoird, chun go ndéanfar aghaidh Uimh. 5 Sráid Chill Dara a athchóiriú ina riocht bunaidh, ag cruinnithe ghrúpa oibre an Tionscadail Forbartha Caipitil.

- Gníomh 8, [REDACTED]
- Gníomh 9, Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar Acmhainní Daonna agus Bainistíocht Daoine: Ar an 27 Márta 2024, d'eisigh an tArd-Rúnaí, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (R/TCEGSM), litir freagartha chuig Cathaoirleach CIR. Ar an 10 Aibreán 2024, d'eisigh Cathaoirleach CIR litir sa bhreis chuig an Ard-Rúnaí lena gcuirtear in iúl dóibh gur thug CIR a fhreagra tomhaiste faoi deara ag an gcruinniú a bhí acu le déanaí agus gur aontaíodh litir an Ard-Rúnaí a chur faoi bhráid an Bhoird. Fuair an Bord cóip den dá litir faoin Mír seo ar an gClár Oibre.
- Gníomh 11, Tionscadal Forbartha Caipitil NLI: Ar an 9 Bealtaine 2024, osclóidh an tAire Catherine Martin, R/TCEGSM agus Aire Stáit le cúram um OOP, Kieran O'Donnell Amharclann Joly agus beidh Cathaoirleach OOP, John Conlon i láthair freisin.

Tá dul chun cinn dearfach déanta ag cruinniú de chuid Ghrúpa Stiúrtha an Tionscadail a cuireadh ar siúl le déanaí: (i) Tá ceadú an Aire don tionscadal ar feitheamh; [REDACTED] agus (iii) tugadh formheas chun dul ar aghaidh leis an gCeistneoir um Measúnú ar Oiriúnacht nó le soláthraithe a ghearrliostú le haghaidh dearaidh taispeántais, léirmhíniú, feistiú agus aimsiú bealaigh sa Sciathán Thiar athfhorbartha. Tá sé curtha in iúl go láidir ag an R/TCEGSM go gcuirfear na socruithe nua Gov-Ops i bhfeidhm, agus go mbeidh impleachtaí nach beag acu ar NLI ó thaobh acmhainní de.

Thug an Leas-Chathaoirleach faoi deara go bhfuil an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca ag tabhairt faoi go leor oibre ar fud riar maith réimsí corparáideacha, agus beidh tacaíocht agus acmhainní suntasacha de dhíth ar a roinn i bhfianaise na socruithe nua Gov & Ops.

Thug an Stiúrthóir aghaidh ar cheist ón mBord faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú Rialtais ar an Tionscadal.

- Gníomh 13, Comhchoiste Oireachtais maidir le Turasóireacht, Cultúr, na hEalaíona agus Spórt: Níltear ag súil le tuilleadh rannpháirtíochta idir NLI agus an Comhchoiste Oireachtais.
- Gníomh 19, Maoiniú ó Chomhairle Iontaobhais NLI: Chuir comhalta Boird a bhí ina gcathaoirleach ar chruinniú de chuid na Comhairle Iontaobhais NLI in iúl don Bhord go raibh an t-iarratas ar mhaoiniú le haghaidh 2 thionscadal formheasta ag an gComhairle – ceann amháin i mBailiúcháin Dhigiteacha agus ceann eile i gCumarsáid agus Forbairt – ar chostas suas le €40,000 (CBL san áireamh) san iomlán in 2024 (nó suas le €20,000 CBL san áireamh do gach aon Tionscadal in 2024).

Thug an Bord faoi deara an tábla gníomhaíochta ‘nithe ag éirí astu’ agus d'iarr sé go ndéanfar Gníomh 16, EEDI (Cothromas, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú), a chatagóiriú mar ghníomh leanúnach agus go gcuirfear dréacht-mhiontuairiscí chruinniú Chomhairle Iontaobhais NLI, Gníomh 19, ar fáil don Bhord ag a chéad chruinniú eile. Thug an Bord faoi deara freisin go dtabharfar aghaidh ar Ghníomh 2, MoLI; Gníomh 10, Daonchairdeas; Gníomh 20, Feabhsuithe suntasacha ar TFC nó meath suntasach ar TFC; agus Gníomh 21, Measúnú Feidhmíochta an Stiúrthóra tríd an gClár Oibre.

4. Tuarascáil Feidhmiúcháin

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha. Ina theannta sin, chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas faoi na nithe seo a leanas, agus i gcás inarb infheidhme, tugtar ionchur an Bhoird ar na hábhair seo faoi deara freisin.

- Comhaltas an Bhoird: Chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl don Stiúrthóir roimhe seo go bhfuil gearrliostú na n-iarrthóirí críochnaithe anois. Táthar ag súil go bhfógrófar ceapacháin na nAirí go luath.
- EEDI: D'fhreastail NLI in éineacht le FCNanna (Forais Chultúrtha Náisiúnta) eile ar sheisiún comhairliúcháin, a d'óstáil Ardmhéara Bhaile Átha Cliath i dTeach Ardmhéara, maidir leis na céimeanna ar féidir a thógáil i mBaile Átha Cliath chun go mbeidh an chathair

feiliúnach do dhaoine a bhfuil uathachas orthu. Glacfaidh NLI páirt i Lá Oscailte maidir le hEispéireas Feiliúnach d'Uathachas ag deireadh mhí Bealtaine.

Cuirfear an t-imeacht ar líne 'Inspire inclusion: women in the photographic collection of the NLI' ar fáil freisin ar chainéal Youtube NLI chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh.

- Freastalóidh an Stiúrthóir ar an 12^ú Siompóisiam Cuimhneacháin Eorpach i Vársá i mí Bealtaine.
- Tionóladh cruinniú dearfach idir an Stiúrthóir, Cathaoirleach an Bhoird agus an tArd-Rúnaí, R/TCEGSM, ar an 28 Márta 2024, agus eisíodh litir leantach, arna síniú go comhpháirteach ag an Stiúrthóir agus ag an gCathaoirleach.

Maidir leis an tionscadal idirnáisiúnta atá faoi stiúir na Fraince, 'The Norman Millennium-2027', chuir an Bord an Stiúrthóir ar an eolas faoi chlár féile Normannach Choláiste na Tríonóide in 2019 mar go bhféadfadh sé a bheith cabhrach.

Mar fhreagra ar mhionteagasc ó bhéal an Stiúrthóra maidir leis an méid lucht féachana a shroichtear leis an tsraith 'Hidden Treasures' arna coimisiúnú ag RTÉ, thug líon comhionann de chomhaltaí an Bhoird tráchtanna diúltacha agus a thug tráchtanna dearfacha ar ghnéchlár an NLI sa tsraith agus tugadh faoi deara ón dá taobh de go bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh. I measc tráchtanna an Bhoird bhí:

- tráchtanna dearfacha agus diúltacha araon ar na míreanna neamhfhoirmiúlachta agus soláimhsithe.
- tráchtanna dearfacha i dtaca le cuid de shaolré bailiúchán a léiriú agus an obair a dhéanann foireann NLI a bheith mar chuid den tsraith.
- Áirítear i measc na dtráchtanna diúltacha nach raibh an tsraith ar an gcaighdeán céanna le craoltóirí náisiúnta seirbhíse poiblí eile agus fiafraíodh ar bhain an craoltóir náisiúnta agus an chuideachta léiriúcháin níos mó tairbhe as an tsraith ná a bhain NLI.

Thug an Bord faoi deara agus phléigh siad an Tuarascáil Feidhmiúcháin agus an cur i láthair sa bhreis ó bhéal an Stiúrthóra. D'iarr an Bord go (i) go scríobhfadh an Stiúrthóir chuig an Taoiseach, Simon Harris, chun é a chur ar an eolas faoi rannpháirtíocht NLI sa Lá Oscailte maidir le hEispéireas Feiliúnach do Dhaoine a bhfuil Uathachas orthu agus (ii) go

ndréachtódh an Feidhmeannas beartas maidir le rannpháirtíocht NLI le haon idirphlé leis an meán le haghaidh athbhreithniú ag an mBord.

5. Coistí an Bhoird

5.1 An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: Tuarascáil an 10 Aibreán 2024 agus Miontuairiscí an 15 Feabhra 2024

Thug an Leas-Chathaoirleach, ina ról mar Chathaoirleach Coiste forléargas don Bhord maidir leis an bpáipéar Boird ábhartha, ag tabhairt na nithe seo a leanas faoi deara go háirithe:

- Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar Acmhainní Daonna agus Bainistíocht Daoine: Na litreacha chuig agus ón CIR chuig an Ard-Rúnaí, R/TCEGSM, mar a leagtar amach thuas faoi Mhír 3 den Chlár Oibre, Gníomh 9.
- Maoiniú: Bhí ar NLI brath ar chistí a thabhairt ar aghaidh bliain i ndiaidh bliana chun a chostais a íoc; ach tá an baol ann anois nach mbeidh aon chistí fágtha ag NLI le tabhairt ar aghaidh ó 2025 go 2026 chun freastal ar a riachtanais chaiteachais agus ar an gcaoi sin tá imní ann maidir le hinbhuanaitheacht mhaoiniú NLI.
- Soláthar foirne: Thug CIR breac-chuntas ar ábhar is cúram maidir le seasamh an R/TCEGSM a bheith i bhfabhar conarthaí téarma seasta bliain amháin.
- Páipéir Bhoird: Rinne CIR Mír 10.1.2 agus 10.2.1 ar an gClár Oibre a athbhreithniú agus a mholadh don Bhord le faomhadh agus thug CIR Mír 10.1.3 faoi deara.
- Iniúchadh inmheánach: D'fhormheas CIR don Fheidhmeannas an rogha a agairt chun síneadh a chur leis an gconradh le Crowleys DFK do sholáthar seirbhísí iniúchta inmheánaigh ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

D'aithin an Leas-Chathaoirleach gur scaipeadh an páipéar Boird tráth déanach agus d'iarr sé ar an mBord teacht ar ais chuige más rud é go raibh ceist ar bith acu maidir lena thuarascáil.

Thug an Bord faoi deara an Tuarascáil a thug Cathaoirleach CIR don Bhord ag cruinniú CIR an 10 Aibreán 2024 agus cur i láthair ó bhéal comhfhreagrach Chathaoirleach an Choiste. Thug an Bord faoi deara freisin na miontuairiscí formheasta ó chruinniú CIR an 15 Feabhra 2024.

5.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas: Tuarascáil an 6 Márta 2024 agus Miontuairiscí an 5 Nollaig 2023

Chuir an Cathaoirleach Coiste in iúl don Bhord gur tháinig an Coiste le chéile ar an 6 Márta 2024 agus go raibh comhalta den Bhord agus comhalta den Choiste, Lisa Grimm, mar Chathaoirleach ar an gcruinniú, fad is a bhí an Cathaoirleach as láthair. Chuir Lisa Grimm in iúl gur tionóladh gnáthchruinniú Coiste.

Thug an Bord faoi deara an tuarascáil ó bhéal a tugadh don bhord maidir leis an gCoiste um Ghinealas agus Araltas (CGA) an 6 Márta 2024 agus na Miontuairiscí formheasta ó chruinniú CGA an 5 Nollaig 2023.

I gcomhréir le hiarratas Chathaoirleach an Choiste, d'aontaigh an Stiúrthóir ceist a chur ar Cheannasaí na mBailiúchán Digiteach an mbeadh sé in ann an suíomh gréasáin 'Ask about Ireland' a mheas agus comhairle a thabhairt don CGA maidir le réitigh fhéideartha, acmhainní etc. atá de dhíth le haghaidh an tsuímh ghréasáin atá ag dul in aois, mar go bhfuil imní ar an CGA faoi ábhar bailiúcháin NLI atá ar fáil ar an suíomh gréasáin.

5.3 Coiste Comhairleach na Léitheoirí (RAC)

Chuir Cathaoirleach an Choiste an méid seo a leanas in iúl don Bhord:

- Achoimre ar chruinniú RAC an 22 Feabhra 2024.
- Táthar ag súil go mbeidh an chéad chruinniú coiste eile ar siúl i mí Bealtaine.
- Tá athbhreithniú RAC ar a shainchúram agus ar a mholtaí maidir lena ghníomhartha sa todhchaí ar bun.

Thug an Bord faoi deara an tuarascáil ó bhéal a thug Cathaoirleach an Coiste don bhord maidir le RAC.

6. MoLI

Thug an Stiúrthóir forléargas ar an bpáipéar Boird ábhartha lenar áiríodh an fhaisnéis go léir a cuireadh ar fáil i bpáipéar Boird iarchurtha an 29 Feabhra 2024 agus faisnéis sa bhreis maidir le bailiúcháin NLI a tugadh ar iasacht do MoLI. Thug an Stiúrthóir mionteagasc sa bhreis maidir le doiciméadacht iasachta an bhailiúcháin agus tugadh aghaidh ar cheist ón mBord maidir le luacháil an bhailiúcháin.

Chuir an Stiúrthóir athruithe a tharla le déanaí in MoLI in iúl don Bhord maidir lena oibríochtaí, comhaltas Boird agus iomarcaíochtaí foirne. Thug an Stiúrthóir faoi deara freisin clúdach sna meáin chumarsáide le déanaí i dtaca le MoLI.

Agus tagairt á déanamh aige dá thuarascáil don Bhord ar chruinniú CIR an 10 Aibreán 2024, chuir an Leas-Chathaoirleach in iúl don Bhord go bhfuair CIR páipéar Boird iarchurtha an 29 Feabhra 2024 freisin agus thug sé faoi deara go n-áirítear ar phríomhbhreithnithe CIR bhailiúcháin NLI a chosaint agus bailiúcháin NLI a dhéanamh inrochtana trí iontráil saor in aisce agus/nó iontráil ar lascaine.

Phléigh an Bord príomhbhreithnithe CIR le fócas ar leith ar bhailiúcháin NLI a chosaint in MoLI lena n-áirítear: (i) bunábhar (amhail taispeántais reatha agus taispeántais amach anseo), cosaintí, agus na cosaintí a chomhlíonadh; agus (ii) ábhar ionadach lena n-áirítear ábhar digiteach. Thug an Bord agus an Stiúrthóir faoi deara an luach a chuireann páirtithe leasmhara ar thaispeántas an bhunábhair.

Thug an Bord an páipéar Boird agus mionteagasc an Stiúrthóra faoi deara. Ag éirí as an bplé a rinne sé, d'iarr an Bord ar an Stiúrthóir:

- **Dréacht-cheannteidil do chomhaontú nua maidir le bailiúcháin a thabhairt ar iasacht idir NLI agus MoLI a chur faoi bhráid an Bhoird lena bhreithniú;**
- **Breac-chuntas a thabhairt don Bhord maidir leis na roghanna atá ar fáil do NLI maidir le taispeáint a cuid bailiúcháin i MoLI i dtéarmaí bunábhair agus ábhair ionadacha; agus (ii) rochtain saor in aisce agus/nó rochtain ar lascaine ar bhailiúcháin NLI in MoLI.**
- **Moladh a thabhairt don Bhord más féidir aghaidh a thabhairt ar na roghanna seo tríd an gcomhaontú nua**

maidir le bailiúcháin a thabhairt ar iasacht nó tríd an gcomhaontú comhair reatha nó ceann nuashonraithe.

7. Bailiúcháin Dhigiteacha: IS in NLI

Thug Ceann na mBailiúchán Digiteach cur i láthair don Bhord maidir le 'IS in NLI' ag tabhairt na nithe seo a leanas faoi deara:

- Go bhfuil NLI ag tosú ó bhonn íseal ag tabhairt breac-chuntas ar an uirlis chaighdeánach táirgiúlachta agus na táirgí a úsáideann NLI;
- Go bhfuil leaganacha éachtacha de theicneolaíochtaí meaisínfhoghlama, ar ábhair spéise don NLI iad, ar fáil mar thráchtearra seirbhíse/feidhmchláir de dhéantús comhéadan le blianta fada anuas;
- Na cúiseanna nár bhain an NLI leas as na teicneolaíochtaí seo agus cad is gá titim amach chun go mbainfear úsáid astú. Maidir leis an gcéad phointe, tugadh faoi deara go raibh srianta ar acmhainní mar an phríomhchúis.

Chuir an Bord fáilte roimh an gcur i láthair go háirithe an obair ar fad a sonraíodh chun go mbeidh an NLI 'Réidh le haghaidh an IS'. Áiríodh san aiseolas a thug an Bord chuig Ceann na mBailiúchán Digiteach an tábhacht a bhaineann le rialachas, doiciméadú rialachais agus cearta maoine intleachtúla; gnólachtaí bunaithe ar bhrabús a dhéanann sonraí a bhailiú agus airgead a shaothrú astu agus a n-iompar i dtreo eagraíochtaí saor-rochtana sonraí; agus ábharthacht an éagsúlaithe, seachas IS mar chur chuige uilechuimsitheach.

Thug an Bord faoi deara an cur i láthair agus tugadh aiseolas do Cheannasaí na mBailiúchán Digiteach. Mar fhreagra ar mholadh ó CIR ag an gcruinniú Boird, d'aontaigh an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca agus Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach araon go ndéanfar athbhreithniú freisin ar an Riosca Corparáideach, atá faoi athbhreithniú faoi láthair, i bhfianaise cúrsaí amhail IS agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

8. Cásanna Gnó

8.1 Bailiúcháin Dhigiteacha: Feidhm an Phríomhoifigigh Shlándála Faisnéise mar Sheirbhís a fháil

Thug Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus d'fhreagair sé ceisteanna ón mBord maidir leis an réasúnaíocht taobh thiar de líon molta laethanta íostarraingthe ón gconradh agus ar mhéid na hoibre 'teagmhálach' a dhéanfaidh an soláthraí seirbhíse.

Thug an Leas-Chathaoirleach faoi deara go raibh na costais a bhain le seirbhís CISO (Príomhoifigeach Slándála Faisnéise) a fháil níos lú ná mar a bheidís chun CISO a fhostú.

Thug an Bord formheas don Fheidhmeannas conradh a chur i bhfeidhm le VISO Cyber Security, mar an fothairgeoir rathúil tar éis RFT, chun feidhm Phríomhoifigigh Slándála Faisnéise a sholáthar mar sheirbhís ar chonradh tosaigh bliain amháin, agus an rogha ann síneadh a chur leis ar feadh 2 conradh 12 mhí ina dhiaidh sin ar chostas suas le huasmhéid de €207,931.50* (CBL san áireamh) thar 3 bliana. I gcomhréir le moladh an Leas-Chathaoirligh, d'aontaigh Ceann na mBailiúchán Digiteach tuairisc a thabhairt do CIR agus/nó don Bhord nuair a bheidh an conradh ag druidim lena teorainn uasta luacha.

(Tabhair faoi deara: * tá an figiúr seo bunaithe ar ráta laethúil VISO Cyber Security de [REDACTED] san áireamh le haghaidh socrú na seirbhíse tosaigh agus meánrannpháirtíocht leanúnach lá amháin in aghaidh na seachtaine lena gcumhdaítear oibriú Chóras/Próiseas Bainistíochta Slándála Faisnéise NLI, freagairt ar mhinicíocht, agus comhairle ad hoc a thabhairt. D'fhéadfaí méid an chonartha 3 bliana iarbhír a bheith níos lú más rud é, le himeacht ama, nach bhfuil riachtanas ag NLI le haghaidh meánrannpháirtíocht lá amháin sa tseachtain agus mura bhfuil riachtanas ann chun go mbeidh VISO rannpháirteach chun leasúcháin theicniúla sonracha eile a d'fhéadfaí teacht chun cinn a dhéanamh. Dá bhrí sin, déanfar an méid atá le leithdháileadh sa dara agus sa tríú bliain a mheas mar chuid de phróiseas caighdeánach formheasa buiséadach NLI agus ní shárófar an t-uasmhéid thuasluaite thar na 3 bliana.)

8.2 Bailiúcháin Dhigiteacha: [REDACTED]

[REDACTED]



8.3 Bailiúcháin Speisialta: Bailiúchán páipéar a bhaineann le Richard Robert Madden (1798-1886) a cheannach

In éagmais Choimeádaí na mBailiúchán Speisialta, rinne an Stiúrthóir cur síos ar an bpáipéar Boird ábhartha.

Luaigh an Stiúrthóir comhrá a bhí aici le déanaí le Rúnaí an Smithsonian, maidir le hábhar frithscλάβhaíochta laistigh de na bailiúcháin, nuair a thug sé cuairt ar NLI le déanaí. Thug an Leas-Chathaoirleach faoi deara an tsuim acadúil a bhí ag a bhean chéile, grásta ó Dhia uirthi, in Richard Robert Madden. Thug an Stiúrthóir freagair do cheist ón mBord maidir le luacháil an bhailiúcháin.

Thug an Bord formheas don Fheidhmeannas dul ar aghaidh le bailiúchán páipéar a cheannach a bhaineann le Richard Robert Madden (1798-1886), dochtúir leighis, riarthóir coilíneachta, staraí, agus fear feachtais frithscλάβhaíochta ar chostas €108,000 lena n-áirítear táille an ghníomhaire le CBL dlite ar tháille an ghníomhaire amháin.

I gcomhréir le moladh an Bhoird, d'aontaigh an Stiúrthóir go n-áireofaí i gcásanna gnó a bhaineann le bailiúcháin faighte níos mó faisnéise maidir le luacháil an bhailiúcháin i gcomhréir leis an Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar Bhailiúcháin Faighte lena n-áirítear moltaí i dtaca le Cóipcheart agus Taisce Dhlíthiúil.

9. Beartais

9.1 Cumarsáid agus Forbairt: Mionteagasc maidir le Forbairt

Thug an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

Chuir an Bord fáilte roimh an bpáipéar faisnéise agus pléadh é maidir leis na nithe seo a leanas: na buntáistí a bhaineann le comhairleoirí daonchairdiúla a fháil mar sholáthróirí seirbhíse; méadú ar dheiseanna earcaíochta forbartha; deontóirí ag tabhairt síntiús airgeadaíochta do leabharlanna; an tábhacht a bhaineann le comhairliúcháin a dhéanamh le páirtithe leasmhara amhail Business to Arts agus The Ireland Funds America; an luach a bhaineann le ceangal, mar shampla, an luach a bhaineann le stair theaghlaigh na hÉireann do mhuintir Mheiriceá Thuaidh agus luach na staire áitiúla ag cur leis an stair náisiúnta; an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an daonchairdeas ar fud na leabharlainne agus ar a foireann, mar shampla, áirítear catalógú, digitiú agus taispeántais i ndeontas bailiúcháin; agus an easpa beartais náisiúnta maidir le cearta ainmniúcháin daonchairdis. D'aithin an Bord ceanglais an Rialtais go mbaileoidh NLI 10-15% den bhuiséad caipitil le haghaidh Thionscadal Forbartha Caipitil NLI mar phríomhbhreithniú.

Phléigh an Bord an páipéar Boird. Maidir le comhairle an Cheannasaí Chumarsáide agus Forbartha nach mbainfidh NLI a chumas tiomsaithe airgid amach mura gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil, d'iarr an Bord na nithe seo a leanas ar an gCeannasaí Cumarsáide agus Forbartha:

- (i) **tabhairt faoi chleachtadh tagarmharcála idirnáisiúnta maidir le leibhéil foirne forbartha ar fud institiúidí piaraí (más féidir, ba cheart é sin a ionchorprú sa tionscadal tagarmharcála idirnáisiúnta atá á stiúradh faoi láthair ag an gCeannasaí ar AD); agus**
- (ii) **ag éirí as an gcleachtadh seo páipéar a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis na hacmhainní atá de dhíth chun acmhainní dóthanacha a sholáthar do NLI chun a chumas tiomsaithe airgid a bhaint amach.**

9.2 Soláthar Seirbhíse: Beartas Gaeilge

In éagmais an Cheannasaí Seachadta Seirbhíse, thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha. Ina theannta sin, chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord go raibh iarratais an Fheidhmeannais a rinneadh ar an R/TCEGSM chun leithdháileadh NLI maidir le pá agus pinsin a mhéadú chun post Oifigeach Gaeilge (OG) a áireamh gan rath. Thug

an Stiúrthóir faoi deara na deiseanna comhoibrithe a bheadh ar fáil don NLI dá mbeadh OG ann.

Thacaigh an Bord le post OG in NLI ag tabhairt na nithe seo a leanas faoi deara: Ba cheart go mbeadh an t-oifigeach neadaithe ar fud an struchtúir eagraíochta agus leis an seasamh riachtanach acu chun comhlíontacht a chinntiú; an tóir atá ar an nGaeilge ar bhonn náisiúnta, go háirithe i measc na glúine óige, agus ar bhonn idirnáisiúnta; imeachtaí eisceachtúla de chuid NLI chun Seachtain na Gaeilge 2024 a chomóradh; agus na buntáistí a bhainfí as sroicheadh níos leithne dá reáchtálfáí imeachtaí dátheangacha.

Chuir an Leas-Chathaoirleach in iúl don Stiúrthóir go mbeadh CIR agus/nó an Bord ar fáil chun cabhrú leis an bhFeidhmeannas ina gcuid iarrachtaí maoiniú a fháil do phost OG.

D'fhormheas an Bord an dréacht-Bheartas Gaeilge (doiciméad le tagairt: SD-PO-01 V1). Mhol an Bord don Stiúrthóir chun scríobh chuig an Aire Stáit a bhfuil freagracht speisialta acu as an nGaeltacht agus chuig comhaltaí ábhartha Thithe an Oireachtais chun a chur in iúl dóibh go bhfuil maoiniú á lorg ag NLI chun OG a earcú.

10. Gnóthaí Corparáideacha

10.1 Bainistíocht Riosca

10.1.1 Tuarascáil an Phríomhoifigigh Riosca don Bhord

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca mionteagasc don Bhord maidir leis na rioscaí agus na maoluithe nua agus atá ag teacht chun cinn:

- (i) an méadú atá ag teacht ar líon na sceitheanna uisce sa phríomhfhoirgneamh agus na rioscaí a bhaineann leo maidir leis na bailiúcháin. Áirítear leis na maoluithe monatóireacht a dhéanamh le haghaidh sceitheanna, rannpháirtíocht leis an OOP agus iarratas NLI le haghaidh cláir

oibreacha ó OOP chun dul i ngleic leis na sceitheadhanna.

- (ii) tréimhse sínithe do bhaill foirne a bheith as láthair sa taispeántas Seamus Heaney: ‘Listen Now Again’ agus baol ann don tseirbhís seo atá os comhair an phobail. Chun a chinntiú go raibh an tseirbhís caomhnaithe, áirítear leis na maoluithe ball foirne ELP a aistriú ó Shráid Chill Dara go SH:LNA agus foireann a earcú trí úsáid a bhaint as an bpainéal atá ann. Thug an Stiúrthóir freagair do cheist ón mBord ag fiosrú an raibh sláinte agus sábháilteacht mar ábhar imní.

Luaigh an Bord tuarascáil ó bhéal an Phríomhoifigigh Riosca don Bhord.

10.1.2 Ráiteas Inghlacthachta Riosca, an Creat um Bainistíocht Riosca agus an Beartas um Bainistíocht Riosca

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha. Ina theannta sin, chuir an soláthraí seirbhíse, Rupert Johnston ó Riosca agus Athléimneacht, an Bord ar an eolas faoin méid suntasach oibre atá de dhíth chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Riosca Corparáideach agus é a choigeartú i gcomhréir leis na cáipéisí bainistíochta riosca a cuireadh ar fáil don Bhord anois le faomhadh.

Chuir an Leas-Chaothairleach a bhuíochas in iúl don Cheannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca as an tionscadal seo a stiúradh.

D’fhormheas an Bord an Ráiteas Inghlacthachta Riosca (Doiciméad le tagairt: FIN-PO-03 V3); formheasadh an dréacht-Chreat um Bainistíocht Riosca (Doiciméad le tagairt: FIN-PR-02 V3); agus formheasadh an

**dréacht-Bheartas um Bainistíocht Riosca
(Doiciméad le tagairt: FIN-PO-02 V3).**

**10.1.3 Eastáit: Clár Riosca an Tionscadail Forbartha
Caipitil**

Thug an Leas-Stiúrthóir-Ceann na nEastát breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha. Ina theannta sin, chuir sé in iúl don Bhord gur luaigh an Feidhmeannas breithniú CIR i dtaca le Riosca 4.11, ag an gcruinniú a bhí acu le déanaí, chun go n-áireofar an riosca go mbeadh moill ar thús a chur ar an Tionscadal ó scata páirtithe leasmhara; mar sin féin, ní dhearnadh Clár Riosca an Tionscadail a nuashonrú ó chruinniú CIR i leith mar go bhfuil soiléiriú de dhíth ó chomhpháirtithe an Tionscadail más rud é go sonraítear breithniú CIR in áit eile sa Chlár.

Rinne an Leas-Chathaoirleach athrá maidir leis an riosca atá ann don NLI ag éirí as na socruithe nua Gov & Ops. Chuir an Leas-Stiúrthóir-Ceann na nEastát in iúl don Bhord, i gcomhréir le treoir an Bhoird ón 14 Nollaig 2023, go raibh an Feidhmeannas i dteagmháil le R/TCEGSM agus an OOP chun go ndéanfaidh an R/TCEGSM na costais foirgníochta a íoc díreach chuig OOP; Tá R/TCEGSM tar éis a leithéid de rannpháirtíocht a dhiúltú áfach agus is cúis mhór imní don Fheidhmeannas é go bhfuil NLI ar an taobhlíne den phlé idir an R/TCEGSM agus OOP maidir le socruithe nua Gov & Ops R/TCEGSM i.e. íoctar costas foirgníochta ó R/TCEGSM chuig OOP trí NLI.

Thug an Bord faoi deara Clár Riosca an Tionscadail Forbartha Caipitil agus an mionteagasc ó bhéal sa bhreis de chuid an Leas-Stiúrthóra-Ceann na nEastát maidir leis an gClár sin agus na socruithe nua Gov & Ops don Tionscadal.

D'aontaigh an Bord, i gcomhréir leis an bhFeidhmeannas, gur gá NLI a chur san

áireamh sa phlé idir R/TCEGSM agus OOP maidir leis na socruithe nua Gov & Ops chun a chinntiú go mbainfear réiteach agus modheolaíocht inoibrithe amach.

D'aontaigh an Bord, i gcomhréir leis an bhFeidhmeannas, gur gá go mbeidh dóthain acmhainní ag NLI roimh theacht isteach na socruithe nua Gov & Ops.

Tar éis moladh a fuarthas ó chomhalta Boird, d'aontaigh an Bord gur cheart don Chathaoirleach agus/nó don Leas-Chathaoirleach litir ardmholadh a sheoladh, thar ceann an Bhoird, chuig an bhfoireann oibre ar fad maidir le seoladh rathúil 'Celebrating Ireland's Booker Winners' de chuid NLI.

10.2 Cúrsaí Airgeadais

10.2.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 29 Feabhra 2024 agus Buiséad Proforma 2024

Thug an Ceann Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar pháipéar ábhartha an Bhoird agus d'fhreagair sí ceisteanna ón mBord ar an dréachtbhuiséad Proforma lena n-áirítear leithdháileadh íseal cistí don digitiú; speansais a bhfuiltear ag súil leis go dtabhófar iad faoi EEDI; agus ardleibhéal na gcostas comhairleoireachta. Chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas faoi rogha, atá faoi chaibidil ag an bhFeidhmeannas, chun cumas digitithe NLI a mhéadú.

Rinne an Leas-Chathaoirleach athrá maidir le himní CIR (Mír 5.1 den Chlár Oibre) faoi inbhuanaitheacht mhaoiniú NLI. Mhol an Leas-Chathaoirleach don Bhord freisin go mbeadh an Cathaoirleach i dteagmháil le Cathaoirligh FCNanna eile maidir leis an ábhar seo.

D'fhormheas an Bord na Dréachtchuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 29

Feabhra 2024. D'fhormheas an Bord freisin an dréachtbhuiséad Proforma do 2024 don chuid eile de 2024. Thug an Bord faoi deara Uasdátú na Tuarascála Soláthair, i.e. conarthaí a dámhadh os cionn €25k i Ráithe 4, 2023 agus i Ráithe 1, 2024 a bhfuair formheas an Fheidhmeannais agus nach raibh gá le formheas a fháil ón mbord dóibh.

I gcomhréir le moladh an Leas-Chathaoirligh:

- **d'aontaigh an Ceann Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca an anailís sa bhreis ar chostais chomhairleachta a chur san áireamh mar chuid de phacáiste páipéir na gcuntas bainistíochta as seo amach; agus**
- **d'aontaigh an Bord plé a dhéanamh maidir le conas aghaidh a thabhairt ar thearcmhaoiniú NLI ag an gcéad chruinniú Boird eile.**
-

11. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoín an 27 Meitheamh 2024

Thug an Bord faoi deara go mbeidh an chéad chruinniú hibrídeach eile den Bhord ar siúl Déardaoín, an 27 Meitheamh 2024 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus scaipfear dréacht-chlár oibre chuig an mBord go luath. Chuir an Bord in iúl do Rúnaí an Bhoird go mbeifí buíoch as deis a fháil breathnú ar raon ábhar ó bhailiúchán Bonar Law.

12. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ghnó eile le plé ag an mBord.

13. Am príobháideach

13.1 Measúnú Feidhmíochta an Stiúrthóra: Spriocanna an Stiúrthóra 2024 agus Feidhmíocht 2023

Rinne an Bord athbhreithniú agus formheas ar Spriocanna an Stiúrthóra 2024 agus ar Mheasúnú Feidhmíochta an Stiúrthóra 2023. Thug an Bord ardmholadh don Stiúrthóir as a feidhmíocht, a cur chuige dea-chroíoch i leith na hoibre agus as a dúthracht agus a tiomantas do leasanna na Leabharlainne.

Chuir an Leas-Chathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.